



Caighdeán agus Plean Ionductaithe Droichead

{Plean amháin do gach Múinteoir Nua-cháilithe (MNC) aonair}

Nótaí Míniúcháin

Caighdeán Droichead	Táscairí Dea-chleachtas agus Samplaí ó Chomhthéacs na Scoile	Riachtanais atá ag Teacht chun Cinn agus Gníomhaíochtaí Ionductaithe
<p>Tá trí chaighdeán socraithe ag an gComhairle Mhúinteoireachta chun tacú le próiseas Droichead, chun an Múinteoir Nua-Cháilithe (MNC) a threorú, leis an bhFoireann Tacaíochta Gairmiúla (FTG), maidir lena bhfoghlaim agus lena gcleachtas gairmiúil.</p> <p>Tacaíonn na caighdeán leis an MNC agus leis an FTG, leis, agus an dearbhú á dhéanamh acu ag deireadh an phróisis.</p>	<p>Tá níos mó sonraí faoi na caighdeán sna táscairí dea-chleachtas agus is féidir leis na scoileanna iad a oiriúnú.</p> <p>I gcás ina roghnaíonn FTG táscairí agus samplaí a úsáid, moltar iad a chur in oiriúint do chomhthéacs aonair na scoile.</p> <p>Ní mheastar go dtiocfaidh riachtanais chun cinn do MNC i dtaca le gach táscaire. Ní ghabhtar ach riachtanais agus tacaíochtaí a bhaineann le próiseas an MNC aonair.</p> <p>Mar chomhlánú ar na caighdeán, déantar táscairí dea-chleachtas molta agus samplaí de chomhthéacsanna scoile comhfhreagracha a chíoradh tuilleadh mar chuid d'fhorbairt ghairmiúil an FTG. Tá táscairí molta dea-chleachtas agus samplaí de chomhthéacsanna comhfhreagracha scoile le fáil sna samplaí thíos. Ní samplaí uilechuimsitheacha ná forordaitheacha iad seo.</p>	<p>Aithnítear riachtanais an MNC i ngníomhaíochtaí ionductaithe san fhíoram agus i ngníomhaíochtaí gaolmhara ina dhiaidh sin a shásóidh na riachtanais sin.</p> <p>Mar léiriú amháin a thugtar na samplaí. Is tacaíochtaí iad gníomhaíochtaí ionductaithe a cuireadh i bhfeidhm chun na riachtanais sin a shásamh. Ní bhaineann an doiciméad seo ach le próiseas an MNC aonair agus is taifead reatha de riachtanais an MNC iad, mar a thagann siad chun cinn.</p> <p>Tá na trí chaighdeán lárnach do gach plé idir an MNC agus an FTG mar gheall ar riachtanais atá ag teacht chun cinn agus gníomhaíochtaí ionductaithe</p>





<p><u>Caighdeán</u></p> <p>Le linn dóibh a bheith páirteach i bpróiseas Droichead, déanfaidh an MNC na nithe seo a leanas:</p>	<p><u>Táscairí Dea-Chleachtais</u></p> <p>An MNC:</p>	<p><u>Samplaí ó Chomhthéacs Scoile</u></p> <p>Tionscnaimh a bhaineann le scoil ar leith, gnásanna, beartais nó cleachtais. Cuir isteach nasc chuig do Plean Scoile má tá sé ar fáil.</p>	<p><u>Riachtanais atá ag teacht chun cinn</u></p> <p>Aithníonn an MNC, i gcomhar le baill an FTG, riachtanais atá ag teacht chun cinn</p>	<p><u>Gníomhaíochtaí Ionductaithe</u></p> <p>Roghnóidh an MNC agus FTG gníomhaíochtaí a fhreagróidh do riachtanais atá ag teacht chun cinn</p>
<p>Caighdeán 1:</p> <p>bheith páirteach ar shlí ghairmiúil in ionductú scoilbhunaithe agus i ngníomhaíochtaí breise foghlama gairmiúla</p>	<p>(a) bhí siad páirteach go cuiditheach i raon leathan eispéireas gairmiúil</p>	<p>Gnás agus prótacail aontaithe scoile a athbhreithniú agus a ghlacadh maidir le Cumarsáid idir Tuismitheoirí agus Múinteoirí (féach an Plean Scoile)</p>	<p>Cruinnithe idir Tuismitheoirí agus Múinteoirí/ Ag obair le tuismitheoirí/caomhnóirí, ceisteanna faoi leagan amach na gcruinnithe le tuismitheoirí agus inní faoi chomhrá a d'fhéadfadh a bheith dúshlánach ag cruinniú tuismitheora.</p>	<p>6 Samh. Pléadh gnásanna/prótacail scoile do chruinnithe le tuismitheoirí, teimpléad comhroinnta scoile, rinneadh ról-ghlacadh do chruinniú le tuismitheoirí le ball den FTG..</p>
	<p>(b) d'oibrigh siad go maith mar bhall foirne agus bhí sí/sé páirteach i gcomhráite gairmiúla leis an FTG</p>			





	(c) bhí siad páirteach go hiomlán i saol na scoile ar aon dul le céim an MNC ar chontanam an oideachais do mhúinteoirí			
	(d) d'iarr siad agus thapaigh sí/sé deiseanna chun breathnóireacht agus obair a dhéanamh taobh le múinteoirí eile, agus bhí sí/sé páirteach i bplé cuiditheach, trí chomhráite gairmiúla agus athbhreithnithe ráithiúla leis an FTG	Bíonn cruinniú ag múinteoirí príomhshrutha leis an múinteoir oideachais speisialta (RSO) maidir le Pleananna Speisialta Scoile i Meán Fómhair, agus i mí Eanáir.	Cas ar an bhfoireann RSO maidir le Pleananna Tacaíochta Speisialta Tacaíocht de dhíth chun Plean Tacaíochta Seomra Ranga (PTS) a dhréachtú.	12 M.F. .. casadh ar an MOS maidir le Pleananna Tacaíochta Speisialta Dáta le deimhniú: MOS agus ball den FTG le casadh ar an MNC chun PTS a chomhphleanáil. Le hathbhreithniú ag an MNC: maidir le PTSanna ✓ agus na Treoirínte do Bhunscoileanna chun Tacú le Daltaí i Scoileanna Príomhshrutha a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu
Caighdeán 2: léirigh siad go raibh siad dáiríre faoi mhúineadh agus foghlaim ar ardchaighdeán a chothú dá ndaltaí	(a) bhí siad páirteach i bpleanáil fhadtéarmach agus i bpleanáil ghearrthéarmach seachtainiúil don mhúineadh agus don fhoghlaim (sofheicthe, dofheicthe & taifeadta) a rinneadh de réir bheartais na scoile (go háirithe obair bhaile, measúnú agus beartais ábhartha eile teagaisc agus foghlama) agus de réir	Cuirtear ullmhúchán seachtainiúil gearrthéarmach faoi bhráid an phríomhoide maidin Dé Luain. Cuntas Míosúil a chur chuig an bpríomhoide ar an	Ullmhúchán taifeadta gearrthéarmach seachtainiúil: soiléireacht a bhaint amach faoin méid a fhoghlaimoidh na páistí, agus an tacaíocht a theastaíonn chun fócas na foghlama	18 Meán Fómhair : Rinne an MNC ceardlann Pleanála & Ullmhúcháin ar onlinelearning.teacherinduction.ie 21 Meán Fómhair : Bhuail an MNC leis an múinteoir rang 2 eile le haghaidh samhaltú agus comh-ullmhúchán don teagasc agus don fhoghlaim.





	churaclam/siollabas nó sonraíocht náisiúnta ábhartha	gcéad Aoine den mhí.	nua/na dtorthaí foghlama a aithint.	D'íoslódáil agus d'athbhreithnigh an MNC an treoir ullmhúcháin ó teacherinduction.ie D'athbhreithnigh an MNC <i>Treoir an CNCM ar Ullmhúchán don Teagasc agus don Foghlaim</i> agus d'fhreastail sí/sé ar chruinniú foirne air ✓
	(b) d'úsáid siad raon modheolaíochtaí teagaisc, acmhainní agus teicnící measúnaithe a oireann dá céim nó dá chéim foráis, mar atá leagtha amach sa leathanach “Modheolaíochtaí Foramhairc” sna hUirlisí Pleanála ar www.teacherinduction.ie	WALT (We are learning to) agus/nó WILF(What I'm looking for) a úsáid CLIL (Content and Language Integrated Learning) m.sh. Gaeilge a úsáid chun snáithe na gcluichí a mhúineadh sa Chorpoideachas	Tacaíocht de dhíth maidir le straitéisí Measúnú chun Foghlama lena n-áirítear aiseolas agus féinmheasúnú	
Caighdeán 2 (ar leanúint): léirigh siad go raibh siad dáiríre faoi	(c) rinne siad ceachtanna a leagan amach agus a luas a shocrú go cuí		Riachtanais foghlama na ndaltaí uile a shásamh	





mhúineadh agus foghlaim ar ardchaighdeán a chothú dá ndaltaí	(d) rinne siad soláthar do dhifríochtaí i gcumais, cúlraí agus stíleanna foghlama daltaí		Meeting learning needs of all pupils		
	(e) chlúdaigh siad raon oiriúnach ábhair, bunaithe ar an gcuraclam/siollabas nó sonraíocht náisiúnta, agus ar bheartais, pleananna agus tionscnaimh na scoile	sna ranganna do pháistí le huathchas, úsáideadh meascán curaclaim de réir bheartas, cleachtas agus gnás na scoile			
	(f) léirigh siad dea-scileanna cumarsáide				
	(g) léirigh siad dea-scileanna bainistíochta sa seomra ranga, chuir sí/sé dea-iompar chun cinn trí chórais oiriúnacha bainistíochta ar aon dul le Cód Iompair na scoile	<i>Incredible Years</i> mar chur chuige scoile iomláin	Tacaíocht de dhíth chun dul i dtraithí ar chur chuige <i>Incredible Years</i>		
	(h) d'oibrigh siad le pobal na scoile, tuismitheoirí san áireamh, ar shlí chúirtéiseach dea-bhéasach, ag féachaint go cuí do na luachanna agus do na caighdeáin atá leagtha amach sa Chód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí atá foilsithe ag an gComhairle	Aladdin a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí Ríomhphost ainmnithe scoile a úsáid chun teagmháil a			





	Múinteoireachta agus do Chód Iompair, Beartas Cosanta Leanaí agus beartais ábhartha eile de chuid na scoile	dhéanamh le tuismitheoirí		
Caighdeán 2 (ar leanúint): léirigh siad go raibh siad dáiríre faoi mhúineadh agus foghlaim ar ardchaighdeán a chothú dá ndaltaí	(i) daltaí a thacú/a threorú agus a inspreagadh i leith torthaí foghlama ar ardchaighdeán, lena n-áirítear obair scríofa, rinne torthaí foghlama a chomhroinnt leis an dalta, thug aiseolas rialta do dhaltaí, ó bhéal agus trí mharcáil chruinn, agus spreag daltaí chun freagairt don aiseolas	m.sh. ar aon dul le beartas, cleachtas agus gnás measúnaithe na scoile (féach an Plean Scoile): Dhá réalta agus mian a úsáid Siombailí a úsáid sa cheartúchán Seesaw a úsáid m.sh. chun aiseolas scríofa agus ó bhéal a thabhairt		
	(j) léirigh siad cumas chun breithiúnas gairmiúil a dhéanamh agus í/sé ag déileáil le raon saincheistanna agus cásanna, lena n-áirítear tuarascálacha timpiste/teagmhais agus			





	nochtaí cosaint sláinte nuair is gá				
Caighdeán 3: thug siad faoi chleachtas machnamhach a thacaíonn le foghlaim agus cleachtas gairmiúil, ina (h)aonar agus i bpáirt le múinteoirí eile.	(a) ghlac siad cur chuige réamhghníomhach i leith a cuid nó a chuid foghlama féin agus i leith machnamh ar a cleachtas nó a chleachtas féin	Machnamh seachtainiúil a dhéanamh ar an bplean seachtainiúil agus/nó sa chuntas míosúil.	Tá an MNC ag iarraidh ceisteanna samplacha leide chun tacú leis an machnamh gairmiúil		
	(b) d'oibrigh siad go gníomhach le comhghleacaithe chun plé réamhbhreathnóireachta agus iarbhreathnóireachta a dhéanamh, i gcomhthéacs na scoile mar phobal gairmiúil foghlama, agus d'iarr sí/sé treoir agus tacaíocht uathu nuair ba ghá lena n-áirítear comhráite gairmiúla rialta agus athbhreithnithe ráithiúla				
	(c) cruthaíodh Taisce agus coimeádadh ann é, mar fhoghlaiméoir féintreoraithe chun tacú le cleachtas machnamhach agus rannpháirtíocht i gcomhráite gairmiúla.	Comhroinneadh roinnt príomhnóiméad foghlama (go digiteach, irisleabhar machnamhach, leabhar gearrthóg			





		srl.) ag cruinnithe ráithiúla athbhreithnithe		
--	--	---	--	--

